# Nuachtlitir Innealtóireachta JCt4

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun **spreagadh, cabhair** agus **cumhacht** a thabhairt do mhúinteoirí in oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn a athrú ó bhonn.

## Seimineár Gréasáin MRB 1 san Innealtóireacht

Tá socruithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh eisithe ag an CNCM. Is féidir nasc leis na treoirlínte sin a fháil **anseo.** Féach leathanach a 3 le haghaidh dátaí tábhachtacha Innealtóireachta. Tá an fhoireann Innealtóireachta ag dearadh seimineár gréasáin faoi láthair atá dírithe ar chabhrú le scoláirí a gcuid scileanna a fhorbairt mar ullmhúchán do MRB 1. Coinnigh súil ar ár rannóg Nuacht agus Imeachtaí de láithreán gréasáin jct.ie agus ar ár leathanach Twitter @JCt4ed chun tuilleadh sonraí a fháil.

## Grafaic faisnéise

D'fhoilsigh an ROS doiciméad le déanaí dar teideal 'Treoir don Fhilleadh ar Scoil d'Ábhair Phraiticiúla' agus is féidir é a fháil ag tinyurl.com/yxfkh84g.. Mar fhreagra ar an treoir sin, tá grafaic faisnéise cruthaithe ag JCt4 a thaispeánann príomhchomhairle chun tacú le múinteoirí agus scoláirí in ábhair phraiticiúla agus iad "Ag obair le chéile chun fanacht sábháilte inár seomra ranga praiticiúil". Is féidir an ghrafaic faisnéise seo a fháil faoi rannóg na dTeicneolaíochtaí de láithreán gréasáin jct.ie.









# Fáilte

Thar ceann na foirne Innealtóireachta, tá súil againn gur éirigh leat na cadhnraí a athluchtú thar thréimhse an tsamhraidh mar ullmhúchán don bhliain atá romhainn. Tuigimid conas atá scoileanna agus seomraí ranga athraithe go mór ó mhí an Mhárta 2020. Bí cinnte, go mbeidh muid i dteagmháil chun cabhrú leat agus cúrsaí i saol an oideachais mar atá faoi láthair. Forbrófar ár n-acmhainní chun cabhrú leat pleanáil ag úsáid cur chuige comhtháite maidir le ceachtanna praiticiúla agus teoirice. Má bhíonn aon cheist ag múinteoirí innealtóireachta, is féidir teagmháil a dhéanamh lenár sainchomhairleoirí Innealtóireachta tríd an gcluaisín Seo í an Fhoireann ar leathanach baile jct.ie.





## Pleanálaí Digiteach Innealtóireachta Nua Excel

Le linn cheardlanna cnuasaigh 2019 / 2020, tugadh *Uirlis Phleanála Dhigiteach Microsoft Word* do mhúinteoirí innealtóireachta chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dóibh agus iad ag pleanáil le torthaí foghlama, briathra gnímh, straitéisí agus modheolaíochtaí chun bonn eolais a chur faoina gcur chuige sa seomra ranga. D'fhreagair foireann Innealtóireachta JCt4 aiseolas ó mhúinteoirí agus d'fhorbair siad *Pleanálaí Digiteach nua Excel* ar féidir teacht air faoi phleanáil i rannóg na dTeicneolaíochtaí de láithreán gréasáin jct.ie. Cabhróidh Pleanálaí Digiteach Excel le múinteoirí torthaí foghlama a rianú agus cuideoidh sin le bonn eolais a chur faoin pleanáil amach anseo le linn na sraithe 3 bliana.



## Gníomhaíochtaí Innealtóireachta don Seomra Ranga le Scaradh Fisiceach

D'fhorbair foireann Innealtóireachta JCt4 gníomhaíochtaí Innealtóireachta chun léiriú a thabhairt ar ghníomhaíochtaí saibhre foghlama féideartha, is féidir le múinteoirí a leasú chun freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí féin. Baineann sé seo go háirithe le comhthéacs níos leithne na scoláirí agus na múinteoirí atá ag filleadh ar scoil agus nósanna imeachta COVID-19 i bhfeidhm. Níl na hacmhainní seo deartha le húsáid ar bhealach líneach, ach chun cabhrú le heispéiris foghlama a chruthú a oireann do scoileanna aonair agus do chomhthéacsanna aonair.




## Acmhainní Foghlaim Chumaisc "#JCt4Tuesdays"

Tá taca eile seolta ag foireann JCt4 do mhúinteoirí agus roinnfidh siad smaointe nua foghlaim chumaisc gach Máirt @JCt4ed as seo go ceann i bhfad. Gheobhaidh múinteoirí naisc chuig na smaointe foghlaim chumaisc seo faoi acmhainní i rannán na dTeicneolaíochtaí de láithreán gréasáin jct.ie. Is féidir le múinteoirí na hacmhainní seo a chur isteach ina bpleanáil chun cabhrú le scoláirí i gcuir chuige éagsúla i leith na foghlama sa seomra ranga agus is féidir iad seo a rochtain go cianda más gá.



## Seimineár Gréasáin Ghrafaice

'Is féidir go mbainfeadh múinteoirí innealtóireachta tairbhe as an Seimineár Gréasáin Ghrafaice a bhí ann le déanaí. Is é an teideal atá air 'Grafaic: Gníomhaíochtaí Foghlama Digiteacha', agus craoladh é ar 11 Bealtaine 2020. Scrúdaigh sé úsáid Tinkercad, uirlis dearaidh 3T gréasán-bhunaithe saor in aisce don DRC agus don leictreonaic. Rinneadh iniúchadh sa seimineár gréasáin freisin ar an bhfeidhm líníochta atá ar PowerPoint mar chur chuige digiteach chun scileanna líníochta a fhorbairt. Tá taifeadadh an tseimineáir ghréasáin le fáil anseo.

## Foghlaim ó Dhúshláin Innealtóireachta sa Bhaile

Le linn do na scoileanna a bheith dúnta, ó Mhárta go Bealtaine 2020, d'fhorbair foireann JCt4 sraith de dhúshláin sheachtainiúla do scoláirí, ar fud na sraithe d'ábhair Theicneolaíochta, chun dul i ngleic le hobair phraiticiúil / thionscadail ón mbaile. D'fhéadfadh na dúshláin sin a bheith oiriúnach chun smaointe agus cuir chuige a thriail le scoláirí sa chéad bhliain agus sa dara bliain i mbliana chun iad a chur i mbun eispéireas foghlaim chumaisc. Faightear nasc chuig na dúshláin sin faoi acmhainní i rannán na dteicneolaíochtaí de láithreán gréasáin jct.ie.

## Cumarsáid

@JCt4ed

www.jct.ie

Mailing List

## Podchraoladh Innealtóireachta leis an nGabha Geal Dominic Dolan

Labhair foireann Innealtóireachta JCt4 i gcomhar leis na hEalaíona sa tSraith Shóisearach leis an nGabha Geal, Doiminic Dolan, don chainéal 'Cainteanna sa tSraith Shóisearach', ar a thaithí a bheith ag oibriú le miotail lómhara i rith a ghairme. D'inis Doiminic dúinn faoina phaisean chun seodra saincheaptha iontach a chruthú ag 'Airgead Chionn tSáile' agus an tionchar a bhíonn aige ar shaol a chliant. Le linn an phodchraolta, tógann Dominic sinn trí phróiseas iomlán a cheirde, ó smaoineamh simplí a sceitseáil ar bhileog pháipéir, chun déantán a dhearadh agus ar deireadh píosa a chruthú a mbíonn bailchríoch álainn air. Tá go leor naisc is féidir a dhéanamh ón gcomhrá agus d'fhéadfadh sé smaointe a thabhairt le haghaidh cuir chuige éagsúla maidir le cruthaitheacht, dearadh, monarú agus bailchríochnú sa seomra Innealtóireachta. Beidh podchraoladh Dhoiminic ar fáil go luath agus beidh rochtain air faoin gcainéal 'Cainteanna sa tSraith Shóisearach' áit a bhfeicfidh tú seinnliosta podchraoltaí JCt4 'Hands On'.






## Meicitreonaic – Cur Chuige Malartach

Is dearbhphrionsabal de shnáithe na Meicitreonaice í an Leictreonaí. Má dhéantar imscrúdú ar fheidhm agus ar chur i bhfeidhm na gcomhpháirteanna leictreonacha, agus ciorcaid shimplí á gcruthú acu, éiríonn le scoláirí a dtuiscint ar leictreonaic a fhorbairt. Tá bogearraí digiteacha ar fáil chun cabhrú le scoláirí ciorcaid leictreonacha a dhearadh, a thógáil agus a thástáil. Is bogearraí saor in aisce gréasán-bhunaithe é Tinkercad, ní hamháin le haghaidh líníochta, ach freisin chun ciorcaid leictreonacha a dhearadh. D'fhorbair an fhoireann Innealtóireachta físeán gearr dar teideal 'Ciorcaid a Thógáil in Tinkercad' chun a thaispeáint conas a a thabharfadh duine faoi chiorcad simplí a thógáil. D'fhéadfadh cur chuige den sórt sin cur ar chumas an scoláire tabhairt faoin bhfoghlaim fhéideartha atá le fáil laistigh de thorthaí foghlama 1.1 agus 1.7 sa snáithe Próisis agus Prionsabail, chomh maith le réimse níos leithne torthaí foghlama ó na snáitheanna An Dearadh a Chur i bhFeidhm agus an Mheicitreonaic. Tabharfaidh an físeán seo deis do mhúinteoirí agus do scoláirí a gcuid eolais agus a dtuiscint ar leictreonaic a fhorbairt sa seomra ranga. Is féidir an físeán a rochtain anseo.




## Nuacht agus Imeachtaí

Lean ar aghaidh ag spreagadh do chomhghleacaithe clárú lenár liosta seoltaí ar an nasc thall. Féach ar an gcluaisín nuacht agus imeachtaí atá againn laistigh de rannóg na dTeicneolaíochtaí ar jct.ie agus lean muid ar ár leathanach Twitter @JCt4ed. Fógrófar ar na hardáin seo imeachtaí agus faisnéis ó JCt4. Ná bíodh leisce ar bith ort teagmháil a dhéanamh le haon bhall den fhoireann le d'fhiosruithe trí ríomhphost. Is féidir na seoltaí ríomhphoist a fháil faoin gcluaisín Seo í an Fhoireann ar leathanach baile jct.ie. Ba mhaith linn ár seacht mbeannacht a ghuí ar mhúinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí don bhliain amach romhainn.

Le dea-mhéin,

**Foireann Innealtóireachta JCt4**